

Scéal Lúthchleasaíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin lúthchleasaí Martin Fagan. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na focail seo thíos:

1. in front of / before
2. hearing
3. Sports Council
4. anti-doping test
5. he will be charged
6. 2 year suspension period
7. marathon runner
8. medication
9. unapproved / illegal
10. he let it be known
11. depression (melancholy)
12. he considered
13. suicide
14. judgement
15. competing for Ireland
16. he was hoping to

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair - an raibh an ceart agaibh?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus scríobh amach an tuairisc i do chuid focal féin. Bain úsáid as na focail ó cheist 1 chun cuidiú leat. Ansin, tabhair do thuairisc don duine in aice leat.

Ceist 4. Tá botún tromchúiseach amháin sa mhír – an bhfuil a fhios agat cad atá ann?

- a) Éist leis an mhír uair amháin eile, feiceáil an féidir leat é a aimsiú. Pléigh do thuairimí leis an duine in aice leat.
- b) Ceangail an forainm réamhfhoclach ar dheis leis na focail chuí ar chlé chun abairtí iomlána a chruthú:

Tá sí in éad	<i>díot</i>
Bíonn sé ag magadh	<i>léi</i>
Tá aithne acu	<i>asam</i>
Tá eagla orm	<i>air</i>
Níl muinín aige	<i>ionainn</i>
Tá suim aice	<i>chuige</i>
Tá mé buíoch	<i>fúm</i>
Chuir mé scéala	<i>roimpi</i>

- c) Cum abairtí anois tú féin cosúil leis na cinn thuas.

Ceist 5

a) Féach ar an script thíos agus cur líne faoi gach sampla den bhriathar saor atá ann. Bí in ann a rá cén aimsir lena mbaineann na samplaí.

Go raibh maith agat a Éimear. Tosaímid anocht le cúrsaí lúthchleasaíochta agus tá an scéala go dtabharfar Martin Fagan as Contae na hIarmhí os comhair éisteacht de chuid Choiste Disciplín Lúthchleasaíocht na hÉireann agus na Comhairle Spóirt amárach faoi gur theip airsean i dtástáil frithdhópála. Tá chuile chosúlacht ar chúrsaí go ngearrfar tréimhse fionraíochta dhá bhliain ar a laghad ar Fagan, an reathaí maratóin as an Muileann gCearr, tar éis dósan a admháil gur úsáid sé an cógas neamhcheadaithe EPO (Eiritreapóéisín) mí na Samhna seo caite. In agallamh fada a thug sé do cheann de na páipéir náisiúnta inniu thug sé le fios go raibh an galar dubhach ag gabháil dó ag an am agus gur rith sé leis lámh a chur ina bhás féin. Dúirt sé go nglacfadh sé go hiomlán le pé breithiúnas a thugtar amárach.

b) Ceangal an deireadh ceart a oireann do gach briathar saor thíos. Ansin, cur gach ceann acu in abairtí.

bhris -	- tí
ceann -	- adh
chuir -	- far
tóg -	- ófar
ainm -	- faí
glac -	- fí
mhol -	- nítear

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén fáth a nglacann lúthchleasaithe drugaí, dar leat?

Cén fáth nár cheart do lúthchleasaithe drugaí a thógáil, dar leat?

Cé hé nó hí an lúthchleasaí is fearr ar domhan, dar leat? Cén fáth?

Is é breithlá Muhammad Ali inniu, cad atá ar eolas agat faoin laoch spóirt seo?

Freagraí

Ceist 1 agus Ceist 2

1. in front of / before – *os comhair*
2. hearing – *éisteacht*
3. Sports Council – *Comhairle Spóirt*
4. anti-doping test – *tástáil frithdhópála*
5. he will be charged – *gearrfar*
6. 2 year suspension period – *tréimhse fionraíochta dhá bhliain*
7. marathon runner – *reathaí maratóin*
8. medication – *cógas*
9. unapproved / illegal – *neamhcheadaithe*
10. he let it be known – *thug sé le fios*
11. depression (melancholy) – *an galar dubhach*
12. he considered – *rith sé leis*
13. suicide – *lámh ina bhás féin*
14. judgement – *breithiúnas*
15. competing for Ireland – *ag iomaíocht thar ceann na tíre*
16. he was hoping to – *bhí súil aige*

Ceist 3

Iarr ar na foghlaimoirí a dtuairisc féin a scríobh ag úsáid na bhfocal thuas. Tabhair tamall dóibh tuairisc an duine in aice leo a léamh.

Ceist 4 (a)

Deirtear – ‘gur theip eisean!’ Ba cheart ‘ar’ a chur leis an fhocal ‘teip’ i gcónaí. *Theip orm sa scrúdú, theip ort sa scrúdú, theip air, theip uirthi, theip orainn, theip oraibh, theip orthu.*

Ceist 4 (b)

Tá sí in éad *léi*
Bíonn sé ag magadh *fúm*
Tá aithne acu *air*
Tá eagla orm *roimpi*
Níl muinín aige *asam*
Tá suim aice *ionainn*
Tá mé buíoch *díot*
Chuir mé scéala *chuige*

Ceist 4 (b)

Iarr orthu abairtí eile a chruthú cosúil leis na nathanna thuas.

Ceist 5 (a)

Go raibh maith agat a Éimear. Tosaímid anocht le cúrsaí lúthchleasaíochta agus tá an scéala go dtabharfar (aimsir fháistineach) Martin Fagan as Contae na hIarmhí os comhair éisteacht de chuid Choiste Disciplín Lúthchleasaíocht na hÉireann agus na Comhairle Spóirt amárach faoi gur theip airsean i dtástáil frithdhópála. Tá chuile chosúlacht ar chúrsaí go ngearrfar (aimsir fháistineach) tréimhse fionraíochta dhá bhliain ar a laghad ar Fagan, an reathaí maratóin as Muileann gCearr, tar éis dósan a admháil gur úsáid sé an cógas neamhcheadaithe EPO (Eiritreapóéisín) mí na Samhna seo caite. In agallamh fada a thug sé do cheann de na páipéir náisiúnta inniu thug sé le fios go raibh an galar dubhach ag gabháil dó ag an am agus gur rith sé leis lámh a chur ina bhás féin. Dúirt sé go nglacfaid sé go hiomlán le pé breithiúnas a thugtar (aimsir láithreach) amárach.

Ceist 5 (b)

bhrisfí
ceannófar
chuirfí
tógfar
ainmnítear
glacadh
mholfaí

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Éimear Ní Chonaola

Tá sé in am anois do scéalta spóirt an lae ar fad, a Ruairí.

Ruairí Mac an Iomaire

Go raibh maith agat a Éimear. Tosaímid anocht le cúrsaí lúthchleasaíochta agus tá (leis) an scéala go dtabharfar Martin Fagan as Contae na hIarmhí os comhair éisteacht de chuid Choiste Disciplín Lúthchleasaíochta na hÉireann agus na Comhairle Spóirt amárach faoi gur theip airseanⁱ i dtástáilⁱⁱ frithdhópála. Tá chuile chosúlacht ar chúrsaí go ngearrfar tréimhse fionraíochta dhá bhliain ar a laghad ar Fagan, an reathaí maratóin as Muileann gCearr, tar éis dósan a admháil gur úsáid sé an cógas neamhcheadaithe EPO (Eiritreapóéisín) mí na Samhna seo caite. In agallamh fada a thug sé do cheann de na páipéir náisiúnta inniu thug sé le fios go raibh an galar dubhach ag gabhail dó ag an am agus gur rith sé leis lámh a chur ina bhás féin. Dúirt sé go nglacfaid sé (le) go hiomlán le pé breithiúnas a thugtar amárach.

Bhí Fagan ag iomaíocht thar ceann na tíre seo ag na Cluichí Oilimpeacha i mBéising, ceithre bliana ó shin, agus bhí súil aige áit a bhaint amach i Londain an samhradh seo chugainn.

ⁱ *seisean* a deirtear

ⁱⁱ *tástáil* a deirtear